polaitíocht

Ní Claonaḋ aċ Claoċlóḋ

Díreaċ, mar adúirt mé. Ḃí coimhlint géar go maiṫ ann idir an dá aicme den Ḟreasúra agus an Rialtas, ar ċeist na gcomhraití le Sasain. Aċ déanta na fírinne, ṁeas mé féin go mbeaḋ níos mó fuinniṁ, agus níos mó tine in ionsaí na n-aicmí san Ḟreasúra. Aċ, tá seans naċ ḃfuil an scéal ṫart go fóill, agus go mbeiḋ tuilleaḋ an tseaċtain seo ċugainn.

Ar ndóiġe. is maiṫ an seans don Ḟreasúra i gcónaí a leiṫéid seo, ṫig leo ceisteanna a ċur fá neiṫe naċ dtig a noċtú, agus ansin níonn siad capital polaitíoċta amaċ as, gurb iadsan luċt faire saoirse na tíre. Seasann an Rialtas, de ġnáċ, ar an nós atá ann, gur cúram don Rialtas atá anseo. agus naċ mbaineann sé leis an Dáil go dtí go mbíonn socrú déanta. Noċt Lemass an scéal go maiṫ, nuair adúirt sé ag freagairt ceiste — "Má bíonn socrú ann, síneoḟar é.

Tá pointe ag an Ḟreasúra cinnte. An mbíonn sé ró ṁall ansin, nuair a ḃíonn sé síniṫe? Aċ, sin mar tá le corás na bPáirtíṫe, mar is cinnte má ṡíníonn ionadaiṫe na hÉireann socrú de ċúrsaí trádála, go seasfaiḋ baill ṗáirtí an Rialtas leis. agus is ionann sin agus go seasa an Dáil leis. Aċ, ċaiṫfiḋ an scéal a ḃeiṫ mar seo, mar ní ḟéadfaí socrú dá leiṫéid a ṗlé roiṁ a ṡíniṫe insan Dáil, agus i bPairliminṫ Ṡasana, mar a gcéanna. Mar sin de, caiṫfiḋ an tír a ḃeiṫ ag braṫ ar na hionadaiṫe agus ar na hAirí a ḋéanfas an síniú.

Aċ. taréis an méid sin a rá faoi cúrsaí nós agus móḋ agus prionsabail, tá áḃar imní ann fós. Ní ḋearna an Taoiseaċ aon ḋá leaṫ dena ċuid tuairimí go ḃfuil muid ag tarraingt ar ceantar saor-ṫrádála, agus rinne sé an scéal níos measa nuair adúirt sé go ḃféadfaḋ dleaċtanna sáḃálta ċta Ṡasana a ḃeiṫ ann fós. Níor ṫráċt sé ar scéal an ċadáis, aċ, más aon treoir an ċuid eile, is cosúil go ḃféadfaḋ siad sin a ḃeiṫ ann ċoṁ maiṫ.

Is ionann seo, agus go ḃfuil cosúlaċt ann go ḃfuil an tír seo ag fáil an ċuid is measa den ṁargaḋ. Tá cosúlaċt ann go ḃfuil cuid ṁór ṁór dár gcuid Stát-Seirḃísí agus ár gcuid Comhairleoirí agus naċ ndearna siad iad féin a ṡaorú ó claonaḋ intinne na Sasanna fós.

Ar feaḋ beagnaċ daċad bliain ḃí intinn na Stát-Seirḃíse ar fad múnlaiṫe ar Stát-Seirḃíse na Sasana, agus ḃí sé sin le feiceáil, fiú amháin le linn cogaḋ eacnamiceaċ. nuair naċ dtiocfaḋ len ár gcuid Rialṫóirí agus Comhairleoirí ealú amaċ as an nós go gcaiṫí mís buntáiste impireaċtúil a ċoiméad, agus go raiḃ cogaḋ eacnamiceaċ ar siúl againn agus sinn ag cur cánaċa ar earraí ag teaċt isteaċ ó tíorṫa eile, agus san am ċéanna, ag tabairt buntáiste don té a ḃí ag cur cogaḋ eacnamiceaċ orainn.

Muna ḃfuil an nós ann fós tá an traidisiún ann, naċ ceart dúinn aon rud a déanaṁ a ḋéanfaḋ doċar do ċúrsaí na Sasana, nó gur ceart dúinn a ḃeiṫ snaiḋmṫa nó comhċeangailte le Sasana.

Ní miste go dtuigfeaḋ ár gcuid ionadaiṫe, agus go h-áiriṫe. ár gcuid Airí, gur cúrsaí lomṫrádála atá i gceist anseo, agus gur buntáiste don tír seo, an t-aon treor amháin a ba ċeart a ḃeiṫ. Dála an scéil, tá sé i ḃfad, i ḃfad ṫar am go mbeaḋ níos mó sreaṫnú agus ilġnéiṫniú déanta ar ár gcuid tráċtáil le tíorṫa eile, go mbeaḋ i ḃfad níos mó dár gcuid onnṁuiriṫe ag dul go tíorṫa taoḃ amuiġ de Ṡasainn. Dá mbeaḋ an scéal sin amhlaiḋ, ḃeaḋ muid i rioċt i ḃfad níos fearr ċun margaḋ maiṫ a ḋéanaṁ le Sasain anois.

Cailleaḋ an seans seo go speisialta, ins na blianta indiaiḋ an ċogaiḋ nuair a ḃí éileaṁ an ṁór ar ainṁiṫe agus bulláin agus áḃar bí na hÉireann, agus go ḃféadfaḋ muid margaiṫe a ḋéanaṁ suas insan Eoraip díobṫa. Ċaiṫfeaḋ muid briseaḋ, ní hé isteaċ i margaḋ na Sasana, aċ, amaċ as margaḋ na Sasana, de ṫairḃe onnṁuiriṫe de, agus nuair a ḋéanfaiḋ muid sin, beiḋ muid in ann seasaṁ i ḃfad níos fearr ar ár gcosa ḟéin, ní hé amháin i gcúrsaí geilleagair, aċ i gcúrsaí polaitíoċta ċoṁ maiṫ.

Ní ḟactas mórán de na tuairimí seo ḋá ḃrú go teann i nDáil Éireann an tseaċtain seo caite, agus ní miste go mbrúfar iad, nó tá baol go ḃfuil dainséar dar seasaṁ geilleagraċ.

Ḃfuil na hAirí ag éirí Gaelaċ? Ceist ḋeas. Ar ndóiġe tá roinnt Airí óga againn a ḃfuil Gaeilge líofa go maiṫ acu, tá daoine eile ag iarraiḋ cliú na Gaeilge a ḟáil anois ḟéin. Ḃa íontaċ an scéal é, cuid de na hAirí a ḃí ag an fáiltiú agus imeaċtaí de ċuid an Oireaċtais.

Má ḃaineann daoine greann ṡearḃ as seo ḟéin, is comharṫa maiṫ é, mar is comharṫa é go ḃfuilṫear ag tuigḃeáil an táḃaċt atá insan Ġaeilge. Sin rud a luamar arís agus arís eile, ins na dréaċtaí seo. Tá an tuigḃeáil ar an scéal anois, ní hé titim anuas ón dream ṫuas, aċ ag bogaḋ suas ón gnáċ ṁuintir, agus tá sé le tuigḃeáil go measarṫa maiṫ ag na h-aicmí polaitíoċta is airde anois.

An tseaċtain seo ċugainn, beiḋ muid ag cur-síos ag cúrsaí tiṫíoċta, nó, i ndáiríriḃ ar cúrsaí polaitíoċta i gcúrsaí tiṫíoċta. Páirtí an Luċt Oibre a ḃuail an ċéad buille san taoḃ seo, nuair a ṫug Séamas Ó Tulaiġ isteaċ Bille príoḃáideaċ ag iarraiḋ go mbeaḋ sé mar cúram coiméadṫa ag Comhairleoirí áitiúla a rá cé ṁéid tiṫe a ḃeaḋ le tógáil i gcásanna áiṫride. Dúirt an tAire go mbeaḋ sé an deacair a ḋéanaṁ amaċ cad é an brí díreaċ a ḃí leis an Ḃille, agus diúltaíoḋ an dara léaṁ a ṫabairt dó.

San am ċéanna, ní ḃeaḋ iontas orm dá mbeaḋ ceaċt éigin faoin rud a ḃí i gceist sa Ḃille i reaċtaíoċt amaċ anseo, nó ar b'ḟéidir go ḃfuair an Teaċta a ṫug an Bille prioḃáideaċ seo isteaċ, leide ar rudaí a raḃṫar ag smaoineaṁ ar iad a ċur i reaċtaíoċt amaċ anseo.

An féidir go léann nuaċtóirí na Sasana AMÁRAĊ? Ar an Aoine an 22ú ḃí dreaċt Ḟearfeasa in AMÁRAĊ ag cur síos ar an coiṁlint don ċomharbaċt i bFianna Ḟáil faoin tiodal "San Aimsir Aoiḃinn Ó." Ar an Domhnaċ an 24ú ḃí ḋreaċt faoi cionntiodail ṁóra i bpáipéar de ċuid na Sasana ar an áḃar céanna agus na tuairimí céanna ann!

An mbeiḋ "Compulsory Irish" ag teastáil ó nuaċtóirí (Éireannaċ?) nó bpáipéar Sasanaċ san Aimsir Aoiḃinn roṁainn.

FEARFEASA.

LITIR SHASANA

Ag Breaṫnú Siar

DÓNALL MAC AṀLAIḂ

DIA CEADAOIN, 4-11-1959

Sioc uath ar maidin ann; an chéad ceann i mbliana, sílim. Bhí Ginger agus Murphy agus mise inniu ag cur síos ar Dave (mac Phunch) agus ar a mbíonn de bhréaga dá stealladh uaidh aige. Rinne muid suas annsin é, agus dúirt muid nach bhféadfadh sé bheith lá ar bith faoi bhun dhá chéad bhliain d'aois le'n a bhfuil siúlta agus feicithe aige. Bhí sé i gCorca, deir sé, agus bhí sé i mBurma; bhí sé san Ind agus bhí sé san Aifric; chaith sé seal i dTuaisceart na h-Eireann, stáisiúináilte. agus bhí sé píosa mr eile i Malae. Throid sé 'sna h-áiteachaí sin ar fad, cé's móite de Thuaisceart na hEireann. Bhí sé an-mhór leis na daoine annsin, más fíor do fhéin é. Innseó sé seo cé chó tuigh is tá an Dave céadhna — có tiugh is nár ceart do féachaint le bréag a innseacht do dhuine ar bith. Bhí mé ag léamh AMARACH inniu agus bhreathnaigh Dave isteach thar mo ghualainn.

"Gaeilge," ar seisean, "an t-aon teanga amháin ar chlis orm í fholuim. Frainncís, Spáinnís, Gearmáinís, Iodáilis — mar a chéile uilig domsa — ach Gaeilge; ní thig liom í fholuim."

"Mar sin é, a Dave?" arsa mise agus mé ag guibhe go n-imtheódh sé.

"Sea," ar seisean, "nuair a bhí mé i mBéal Feirste roinnt bhlianta ó shoin d'fheicfinn na h-oibrithe ins na Clós-Loingse ag léamh an pháipéar sin; ach chinn orm ariam í thuiscint mar theanga."

By dad, adeirimse istigh i mo intinn fhéin, nach ar lucht an Chonnradh agus ar na dreamannaí dílse eile tá ag iarraidh an teanga a thúirt slán ó bhruach na h-uaighe a bheadh an t-áthas dá mb'fhíor é dó scéal-sa!

Chuas síos chuig an tsiopa tráthnóna ag iarraidh glac mhilseáin agus ó bhí scata ban istigh róm, bhí deis agam an áit a ghrinn-dearcadh go maith chúns bhí mé ag fanacht mo sheal. Ba geall le siopa beag tíre thiar in Eirinn é le'n a rabh de earraí éagsúla ar dhíol ann—cartaí snátha, mhílseáin, páipéaraí beaga "Beechams", bárriallachaí bróg, tobach, snaois-ín, buachaisí lampaí, stócaí, gréithre, torthaí, bríoscaí agus ná fiafraigh dhíom cé mhéad rudaí eile. Bhí prócha de na 'cloves' sin leagtha isteach na fuinneóige agus thug siad Muighréad bocht i gcuimhne dhom, 'caoi mbíodh sí dá shíor-changailt. Ba lách í muis hébrí cái'll sí anocht. Leag muid an cábla (59 slat) sa dtrínnse tráthnóna agus chuaigh muid ag athlíonadh annsin. I dtrátha an tae bhig, thosaigh Reggie beag sin ag innseacht scéal faoi Pháidín a bhí ag obair ar an job seo roinnt bhlianta ó shoin. Is cosúil go rabhadar ag obair faoi scáth an chrainn chastáin seo, agus d'fhiafraigh an tEireannach dhíobh cé'n torthaí a bhí ag fás ar an gcrann. D'innis duine de na Sasanaigh dhó go mba cineál nua ubhlaí a bhí ionnta agus (dár leo) chreid an Páidín iad. Bhraith mé a rá leis an mbréantas beag gur chleachtaigh an tEireannach is boichte amuich beatha níos folláine ná Sasanach ar bith agus nach n-íosfadh muide — Aimsear an Droch Shaoil fiú — na rudaí bréana a mbíonn tóir acu sin orthu, mar tá, castáin, misarúin. biolar, spam, chittlings agus faggotts (nach bhfuil ionnta ach putógaí na mbó), margarine, 'jellied eels,' tripe agus crúba bhó agus 'chuile chineál eile is measa ná iad sin. Ach scaoil mé tharm é le grá don réidteach.

DIARDAOIN, 5-11-1959.

Inniu Lá 'Fhéil' Guy Fawkes agus beidh 'fireworks' agus tinnte chnámh dá lasadh ar fud an bhaile seo agus ar fud 'chuile bhaile sa dtír seo anocht. Tá na gasúir le coicís ag cruinniú na bpingneachaí le mbeidh siad in acfuinn a ndóthain "rockets" agus 'bangers' agus "catherine wheels' a cheannach faoi choinne na h-ócáide; ach níl urchóid dá laghad ag baint anois leis ní h-ionann agus fadó, agus níl fhios ag a mbunáite dhíobha, fiú, cé'n bunús tá leis mar cheiliúradh.

Chonnaic mé malrach beag amháin taobh muich de'n Gaumont an oíche deireannach 'sé ag iarraidh pinghneachaí rua ar lucht gabháil thart. Théann sé leis an bhfear gorm mór millteach seo de chuid arm Mheiriochá, a chana beag stáin sínte amach aige, agus 'chaon: "Penny for the Guy,' please?" dá chanadh aige. Dhearc an gormach mór síos air, agus ar seisean, de ghlór dolásach: "Dis guy ain't got a penny for his self, sonny, let alone for your old Guy that's bin dead for hundreds of years!"

Seo í an tráth bliana a mbíonn na cancaráin uilig ag scríobh 'sna páipéirí ag éileamh go gcuirfear deire leis an obair seo — ceiliúradh na féile seo—mar go mbíonn na cait agus na madaí scanntruithe go mór ag an ngleó is an gile ar fad; ach ní ghoilleann sé leath chó mór ar an ndream céadhna an sionnach beag deas bheith dá strachadh ó chéile ag madraí seilge. Is dóiligh an Cine seo a thuiscín, tá siad thar a bheith neamh-sheasmhach ar bhealaigh go leor.

Chaithfeadh sé nach n-itheann siad aon bheatha mhaith ach oiread arae is mó cainnte a dhéanfadh siad faoi'n corr-ruaine beag feola a bheadh amach chuig an obair leo ná mar a dhéanfadh muide faoi mhairt. Thug Sydney sin lispín beag do vendy faoi am dinnéara inniu agus bhí an oiread sin le rá ag an gcuid eile faoi is go gceapfá gur punt stéig a bhí ann.

"I say, look at 'im: we shan't half get some work out of 'im now 'es got that down 'im," adúirt siad de ghlór amháin, shíleá, agus mhaireadar ag caint air go ceann abhfad. 'Bí ag caint ar mhairteoil rósta "Old England"! Ar ndó, scannróchfaidís seo dá leagfaí béile mhaith mhór síos rómpa. Ní bhíonn gé ná turcaí fhéin faoi Nollag ag a bhfurmhór acu ach sicín nó giorria. Tá a shliocht ortha muis, níl an t-seasamh céadhna ionnta is mar tá 'sna hEireannaigh.

Bhí mé ag cainnt le Máirtín O Tuathaill taobh muich den teach 'teacht abhaile dhom tráthnóna. Tá Máirtín ar an gcuma céadhna liom fhéin ar an aimsear seo — a bhean a bheith a' dhul san ospidéal anois lá ar bith. Fearacht 'chuile chainteoir Gaeilge eile sa tír seo is le Béarla a thóigfear a pháiste anois ó nach bhfuil aon Ghaeilge ag a bhean.

Níl tada ach soillsí ag dul san aer anocht, teinte cnámh dá lasadh agus torann an phléascadh 'chuile cúpla noiméad; chrochadh Podola bocht ar maidin.

Dónall Mac Amhlaigh.

Fánaid

Ḃí an tuille go h-olc ar fud Ḟánaid lá na feарṫaine móire agus aiḃneaċa ag briseaḋ amaċ ṫar a bruaċa, agus doċar do ḋroiċid. Pléasc an aḃainn frío a cuid bruaċa taoḃ amuiġ de Ceaṫrú Caol, agus ḃí na tiṫe uilig faoi ṫuillteaċa. D'ḟág sé tuille cúpla troiġ ar ḋoiṁne ar an mbealaċ mór, agus i mBaile na nGallóglaċ ċoṁ maiṫ.

Ḃí aonaċ íontaċ olc i gCeaṫrú Caol, agus ḃí na feirmeoirí íontaċ mí-ṡásta de. Ḃa ċuid ṁaiṫ eallaċ ar tairiscint, aċ ḃa ḃeag éileaṁ a ḃí orṫa. Ḃí titim ins na praġasanna. Bulláin stór idir ḋá ḃliain agus trí ḃliana a raiḃ éileaṁ réasúnta díobṫa. Fuair fear amháin £65 fá ċoinne bullán faoi trí bliana. Ḃí éileaṁ réasúnta ar eallaċ bainne posta.

Anagaire

Caiṫfiḋ Pádraic Ó Baoill, Druim na Cearta. Anagaire, £10 a íoc leis an Ċúirt Dúiċe. Nuair a cuireaḋ faoi ḃannaí é ar an 13ú Lúnasa, 1963, an tsíocán a ċoinneáil go ceann ḋá ḃliain, aċ in Iúl, 1965, 17 lá sula raiḃ na bannaí ṫuas, cúisaíoḋ ar coir eile é. Mar sin de, arsa an Céannfort Ó Collaḃráin, ag an Ċúirt Dúiċe ar an Ċloċán Léiṫ, caiṫfiḋ mé iarraiḋ ar an Ċúirt na bannaí £10 a ṫógáil uaiḋ. D'aḋmaiġ an Giúistís go gcaiṫfeaḋ an cosantóir na £10 a íoc.

Ag cruinniú de Ċomhairle Condae Ḋún na nGall, h-innseaḋ do Séamas Mac Ruaiḋrí go raiḃ suirḃé ḋá ḋéanaṁ ar suíoṁ gan úsáid (derelict sites) in Anagaire, agus ḋéanfá í réiteaċ fúṫa nuair a ḃeaḋ an suirḃé crioċnaiṫe.